Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2019
(OR. en)

13295/19

EDUC 416
ECOFIN 900
EMPL 521
SOC 688

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bonn láidir eacnamaíoch don Eoraip: an éifeachtacht, an éifeachtúlacht agus an cháilíocht a shaothrú san oideachas agus san oiliúint<br>*- Díospóireacht bheartais*<br>*(Díospóireacht phoiblí i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de rialacha nós imeachta na Comhairle)*<br>*[arna moladh ag an Uachtaránacht]* |

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Oideachais, chuir an Uachtaránacht i dtoll a chéile an plépháipéar a ghabhann leis seo, a thíolactar mar bhunús don díospóireacht bheartais, a bheidh ar siúl ag an gcruinniú den Chomhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt ar an 8 Samhain 2019.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Bonn láidir eacnamaíoch don Eoraip:**

**An éifeachtacht, an éifeachtúlacht agus an cháilíocht a shaothrú san oideachas agus san oiliúint**

**- Nóta ón Uachtaránacht -**

- Is é is aidhm don chruinniú comhpháirteach seo deis uathúil a chur ar fáil d'airí airgeadais agus d'airí oideachais (1) tuairimí a mhalartú maidir leis an gcaoi is féidir leis an oideachas agus an oiliúint cur leis an bhfás inbhuanaithe fadtéarmach, agus (2) taithí agus dea-chleachtais a roinnt maidir le beartais lena gcuirtear chun cinn cáilíocht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht an oideachais agus na hoiliúna.

**Staid na himeartha**

- Ós amhlaidh gur doiligh do thíortha freagairt ar an domhandú, ar an dul chun cinn teicneolaíoch agus ar an athrú déimeagrafach, is tábhachtaí arís sa chás sin an caipiteal daonna. Is ríthábhachtach do shochaithe ról an oideachais agus na hoiliúna agus iad ag méadú an chaipitil sin.
- Ba é a tharla le déanaí gur cuireadh béim le clár oibre straitéiseach nua na Comhairle Eorpaí do 2019-2024 ar an tionchar dearfach a bhíonn ag an oideachas agus ag an oiliúint ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí araon. Éilítear sa straitéis sin go méadófaí an infheistíocht i scileanna agus in oideachas na ndaoine, go ndéanfaí a thuilleadh chun an fhiontraíocht agus an nuálaíocht a chothú agus go ndéanfaí tuilleadh saothar taighde. Ina theannta sin, éilítear oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil atá ar ardcháilíocht agus cuimsitheach i *gColún Eorpach na gCeart Sóisialta*.
- Ba chuid de chlár oibre an Aontais le haghaidh fáis agus post sa straitéis Eoraip 2020 an t-oideachas agus an oiliúint, agus cuireadh béim ar leith ar an oideachas, ar scileanna agus ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil i moltaí tír-shonracha 2019. Chuir an Coimisiún nua béim freisin ar ról na scileanna agus an oideachais agus dlús á chur le hiomaíochas agus nuálaíocht na hEorpa ina Threoirlínte Polaitiúla (2019-2024).

- I mí na Samhna 2017, phléigh an Grúpa Euro an tábhacht a bhaineann le hinfheistíochtaí sa chaipiteal daonna agus éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí ar an oideachas.

**Ról an oideachais agus na hoiliúna**

- Is rud bunriachtanach é an caipiteal daonna agus borradh á chur faoin táirgiúlacht agus faoin bhfás inbhuanaithe. Is é is bonn d'athléimneacht sochaithe. Is fearr is féidir an bhochtaineacht a chomhrac agus an comhionannas a chur chun cinn go héifeachtach nuair a thugtar rochtain ar oideachas ardcháilíochta agus oiliúint ardcháilíochta. Is dúshraith shochaí leasa na hEorpa é sin.
- Is mór iad na buntáistí don tsochaí a bhaineann leis an oideachas agus leis an oiliúint agus is éagsúil na buntáistí sin freisin. Ar leibhéal an duine aonair, bíonn rátaí fostaíochta níos airde agus pá níos fearr i ndán dó nó di siúd ag a bhfuil na scileanna sin a fhaightear trí bhíthin an oideachais agus na hoiliúna. Mar shampla, tá an ráta fostaíochta do dhaoine fásta a bhfuil céim treasach bainte amach acu naoi bpointe céatadáin níos airde ná an ráta dóibh siúd nach bhfuil ach meánoideachas sinsearach acu, agus tuilleann siad ar an meán 44 % níos mó i dtíortha an Aontais.
- Ina theannta sin, is mó daoine ar an iomlán sa tsochaí a fhilleann ar an oideachas de thairbhe go gcuireann lucht saothair ardoilte leis an bhfás eacnamaíoch agus leis an bhfás táirgiúlachta chomh maith leis an acmhainneacht nuálaíochta. Cuidíonn sé sin leis an gcaighdeán maireachtála a mhéadú don daonra ar fad. Tá sé ríthábhachtach an rochtain chomhionann ar an oideachas agus ar an oiliúint a chur ar fáil mar is dóigh amháin é sin chun comhtháthú agus soghluaisteacht shóisialta a chothú agus chun a chinntiú go measfar go bhfuil sochaithe córa cothroma ann.
- Bíonn éifeachtaí iarmharta ag an gcaipiteal daonna a théann chun sochair dóibh siúd a rinne an infheistíocht sa chaipiteal sin agus do dhaoine eile nach iad chomh maith. Ós rud é gur torthaí príobháideacha agus torthaí sóisialta araon atá i gceist, is baol nach ndéanfar go leor infheistíochta. Ceartaítear an cliseadh margaidh sin trí bhíthin sholáthar poiblí an oideachais agus na hoiliúna.

- Cé gur leis na Ballstáit a luíonn an chuid is mó den fhreagracht maidir leis an oideachas agus an oiliúint a chur ar fáil, is féidir leis an oideachas agus leis an oiliúint éifeachtaí iarmharta dearfacha a chruthú laistigh den Aontas i gcomhthéacs na saorghluaiseachta daoine. Mar sin féin, is féidir iarmhairtí diúltacha a bheith ann maidir le hacmhainneacht fáis agus leis an airgeadas poiblí i roinnt tíortha nuair a imíonn líon suntasach den lucht saothair ar imirce ar bhonn leanúnach.

- Saincheist ag a bhfuil tábhacht straitéiseach i dtaca le todhchaí na hEorpa is ea an infheistíocht san oideachas ardcháilíochta cuimsitheach agus san oiliúint ardcháilíochta chuimsitheach araon. Is mór an difear atá á dhéanamh ag an domhandú, ag an dul chun cinn teicneolaíoch agus ag an athrú déimeagrafach do mhargaí saothair agus don tsochaí. Is gá neart a chur le scileanna agus inniúlachtaí, bídís bunúsach nó speisialaithe, agus is gá an leibhéal oideachais a ardú. Tá na sochaithe san Aontas ag dul anonn in aois, agus dá bhrí sin is tábhachtaí arís é go dtabharfar oideachas don chuid sin den phobal atá in aois fostaíochta agus go mbeidh post acu.

- Amach anseo, mar gheall ar an digitiú agus ar an dul chun cinn teicneolaíoch, is mó an gá a bheidh leis an bhfoghlaim leanúnach agus le huasdátú scileanna. Is féidir go bhfeicfear difear idir an soláthar agus an t-éileamh i dtaca le scileanna agus inniúlachtaí de. Ar na dúshláin a bheidh ann amach anseo do chórais oideachais agus oiliúna beidh (1) an dúshraith a thógáil do thorthaí ardcháilíochta oideachais go luath sa saol, (2) scileanna agus inniúlachtaí a uasdátú chun tuilleadh foghlama a chumasú agus (3) tacaíocht a thabhairt don athoiliúint agus d'fhoghlaim na ngairmeacha nua i dtionscail éagsúla ag a bhfuil struchtúir éagsúla tascanna, rud lena n-éascófar oiriúnú don athrú struchtúrach sa gheilleagar agus i margadh an tsaothair. Thairis sin, ba cheart do chórais oideachais agus oiliúna foráil do na riachtanais a mheastar a bheidh ann amach anseo i dtaca le scileanna agus inniúlachtaí chun a chinntiú go mbeidh lucht saothair ardoilte ann sna réimsí ábhartha. Is le huasghrádú scileanna agus le hathoiliúint scileanna a fheabhsófar an athléimneacht tar éis suaitheadh eacnamaíoch.

**Oideachas ardcháilíochta, cost-éifeachtúlacht agus éifeachtacht**

- Is tríd an gcóras oideachais, go príomha, a chruthaítear an caipiteal daonna agus is le hairgead poiblí a chistítear é san Eoraip den chuid is mó. Is airgead poiblí a bhí in 87% den chistiú don oideachas ar an meán in 2016, ón mbunleibhéal go dtí an tríú leibhéal, in 21 cheann de thíortha na hEorpa[1] ar baill iad freisin de chuid OECD.

- Ní féidir a bheith cinnte go neartófar cruthú an chaipitil dhaonna trí bhíthin an caiteachas a mhéadú. Is gá freisin an caiteachas sin a dhéanamh go costéifeachtúil agus go héifeachtach. Agus leibhéal inchomparáide caiteachais á dhéanamh acu, éiríonn le cuid de na Ballstáit torthaí níos fearr a bhaint amach ná cuid eile acu. Is é an dúshlán atá roimh roinnt Ballstát caiteachas leordhóthanach a chur ar fáil chun torthaí ardcháilíochta comhionainne a áirithiú san oideachas. Is é an dúshlán atá roimh Bhallstáit eile agus torthaí san oideachas a fheabhsú acu a gcaiteachas a bheith níos éifeachtúla.

- Ba cheart measúnú ar leibhéal an oideachais, ar an gcáilíocht agus ar an gcuimsitheacht a chuimsiú sna breithnithe éifeachtúlachta maidir leis an gcaiteachas poiblí ar an oideachas agus ar an oiliúint.

- Tá méadú tagtha ar leibhéal an oideachais san Aontas le himeacht ama. Mhéadaigh leibhéal an oideachais ar an meán san Aontas ó 31 % in 2008 go 41 % in 2018 (oideachas treasach) san aoisghrúpa 30-34. Ag an am céanna, laghdaigh an céatadán de dhaoine idir 25 bliana agus 34 bliana d'aois gan cáilíocht iar-bhunoideachais shinsearaigh ó 18 % go 14 %.

- I dtéarmaí cáilíochta, tá scóir an Aontais i measúnú PISA ar an meánleibhéal agus d'fhéadfaí feabhas a chur air sin. Thairis sin, tá éagsúlacht nach beag laistigh den Aontas.

- Ó thaobh na cuimsitheachta de, dá ndéanfaí caiteachas poiblí ar an oideachas agus ar an oiliúint ar bhealach níos éifeachtúla d'fhéadfaí freisin feabhas a chur ar an gcomhtháthú i margadh an tsaothair agus an tsoghluaisteacht shóisialta idirghlúine a chur chun cinn i go leor Ballstát. San Aontas Eorpach in 2018, ba é 15% an ráta NEET[2] do dhaoine óga idir 20 bliain agus 24 bliana agus 17 % an ráta NEET dóibh siúd idir 25 bliana agus 29 mbliana.

---

[1] Ní thuairiscítear sonraí maidir leis an Danmhairg ná leis an nGréig, ar tíortha de chuid an Aontais agus de chuid OECD iad an dá thír sin,, sa tuarascáil dar teideal *Education at a Glance 2019* [Aonamharc ar an Oideachas 2019].

[2] "Duine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna" (NEET)

- Chun a ráthú go mbeidh an meascán is fearr de thorthaí ag an tsochaí agus atá ag teastáil uaithi, ba cheart an caiteachas ar an oideachas agus ar an oiliúint ar ardcháilíocht a bheith éifeachtach freisin. Nuair a bhíonn an caiteachas éifeachtach, is féidir le córais oideachais agus oiliúna a bheith ar ardcháilíocht agus a bheith cuimsitheach, agus is as sin a thagann fás eacnamaíoch, táirgiúlacht agus comhionannas.

**Saincheisteanna le plé**

- Cad iad na dúshláin is práinní roimh do thír féin ó thaobh éifeachtúlacht agus éifeachtacht an oideachais agus na hoiliúna de?
- Cad iad na beartais, i do bharúil, is mó a bhfuil gealladh fúthu agus éifeachtúlacht, éifeachtacht, cuimsitheacht agus comhionannas á gcur chun cinn san oideachas agus san oiliúint?
- Conas is féidir torthaí foghlama ar ardcháilíocht, leibhéil arda oideachais agus comhionannas a bhaint amach i gcomhthráth lena chéile?
- Cad é an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an gcomhar Eorpach maidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht agus ardcháilíocht an oideachais agus na hoiliúna a chur chun cinn, agus conas a d'fhéadfadh sochaithe na hEorpa fóráil do na riachtanais uas-scilithe agus athscilithe a bheidh ann amach anseo?